

## PÉINTÉIREACHT NA HIODÁILE SA 14ú HAOIS

## Cimabue agus Giotto

Is minic a deirtear gurb é Cimabue, ealaíontóir as Flórans, an péintéir deireanach a bhain le traidisiún na Biosáinte. Má bhain Cimabue le traidisiún na Biosáinte, bhí iarracht láidir den nádúrchas ina chuid saothar fosta. Bhí an-chlú ar Cimabue mar ealaíontóir lena linn féin ach is mó atá cuimhne anois air mar mhúinteoir ealaíontóir eile, Giotto.

## Traidisiún na Biosáinte

Ealaín Bhiosántach a thugtar ar an ealaín a bhain le hImpireacht na Biosáinte le linn na Meánaoiseanna, i.e. Impireacht Rómhánach an Oirthir. Ba í Constantín príomhchathair Impireacht na Biosáinte agus ba í an Ghréigis teanga an phobail. Stíl shaothraithe shollúnta atá ann, agus bíonn cuma neamhréalaíoch, theibí agus dhéthoiseach ar shaothair de chuid na stíle sin. Is é Íocón Hodaigeitria an pictiúr is mó le rá de chuid thraidisiún na Biosáinte agus is iomaí cóip den íocón sin a rinneadh i gcaitheamh na mblianta. Ciallaíonn an focal íocón 'íomhá'. Creideadh ag an am gurb é Naomh Lúcas Soiscéalaí a phéinteáil an bunpictiúr den Mhaighdean Mhuire, agus í os a chomhair (fíor 19.1).



FÍOR 19.1 Máthair Dé na Páise – sampla d'Íocón Hodegetria, Bailiúchán Príobháideach

## San Proinsias agus an réalachas san ealaín

Sa 13ú haois a mhair San Proinsias. D'áitigh sé ar an bpobal a machnamh a dhéanamh ar bheatha Chríost agus ar scéal na Páise. I ngnáthchaint na ndaoine a thugadh sé a chuid seanmóirí agus chreid sé go mb'éasca na scríoptúir a theagasc go soiléir don ghnáthphobal ach ealaín an chreidimh a bheith réalaíoch. D'éirigh cráifeacht nua as an gcur chuige sin aige ina raibh béim ar scéal a bheith á insint san ealaín.

## Assisi

D'áitigh na Proinsiasaigh ar an bPápa ealaíontóirí a fhostú le péintéireacht bheo réalaíoch a chleachtadh. Bhí ardmheas ag an bPápa Nioclás III ar ealaín chlasaiceach na seanaimsire agus choimisiúnaigh sé an t-ealaíontóir **Cimabue** chun obair a dhéanamh. D'oibrigh Cimabue sa Róimh agus, ina dhiaidh sin, ar shéipeal beag San Proinsias in Assisi, áit ar chuir sé scéim mhór mhaisithe i gcrích bunaithe ar shaol Chríost, Mhuire agus na nAspal. Leanann na freascónna sa tsraith iontach sin stíl mhúrealaíne na Sean-Róimhe sna deilbheacha cruthanta, sa chomhréir agus sa scáthlíniú a d'úsáid sé. Bhí an-cháil ar na freascónna lena linn féin, ach tá an-drochbhail inniu orthu, faraor. Bhí luaidhe sa phéint a d'úsáid Cimabue atá tar éis cuid de na dathanna sna freascónna a mhilleadh.

## Giotto di Bondone

Chuaigh Giotto de Bondone (c. 1267-1337) chuig Cimabue mar phrintíseach agus d'oibrigh sé leis ina cheardlann i bhFlórans, áit ar fhoghlaim sé bunscileanna uile na healaíne nua. Lean sé a mháistir chun na Róimhe, áit a ndearna sé staidéar ar an bpéintéireacht chlasaiceach. Ar ball, sháraigh sé cumas a mháistir go dtí go raibh sé féin ar an ealaíontóir ba cháiliúla de chuid na ré. D'oibrigh sé do theaghlaigh shaibhre Fhlórans agus do phátrúin eile nach iad a raibh meas acu ar intleachtúlacht a chuid saothar agus ar an dóigh ina ndearna sé aithris ar an nádúr.

## Nuálaíocht Giotto

Bhí an chuma ar phictiúir Giotto go raibh fairsingeacht spáis iontu. Daoine réalaíocha i dtimpeallachtaí réalaíocha a léirigh sé, bhí mar a bheadh dráma ar stáitse iontu.

D'úsáid sé roinnt teicnící éagsúla chun an réalachas sin a bhaint amach, **comhréir chuí**, an **réamhghiorrú** agus **solas is scáil**. Ach ba í an nuálaíocht ba mhó i saothar Giotto ná an cumas neamhghnách a bhí ann chun mothúcháin an duine a chur in iúl i ndreach na haghaidhe agus ina ghothaí cruthanta.

Agus é ag péinteáil freascónna ba nós le Giotto leas a bhaint as plástar fliuch, rinne an plástar fliuch nasc leis an dath, rud a dhaingnigh agus a bhunaigh é. Ba rud iomlán nua é sin ag an am.

## Saothar Giotto

Bhí clú agus cáil ar Giotto lena linn féin agus bhí an-éileamh ar a chuid seirbhísí. Thastil sé ar fud na hIodáile ag freastal ar an éileamh sin. Is iomaí scéal a insíodh faoi, ach is Giorgio Vasari, beathaisnéisí mórealaíontóirí na hIodáile, a d'inis an scéal is

mó cáil díobh. Dar leis, ba ghasúr ag obair mar aoire é Giotto nuair a tháinig Cimabue air. Bhí sé ag tarraingt pictiúir dá chuid caorach ar charraig agus bhí na pictiúir chomh cruthanta sin gur thug Cimabue Giotto abhaile leis go Flórans. Tugann Vasari le tuiscint dúinn gur iarr Cimabue ar Giotto teacht leis go dtí Assisi, dá bhrí sin, ceaptar gurb é Giotto a phéinteáil an tsraith mhór freascónna San Phroinsias i ndáiríre.


## An Mhaighdean Naofa, Banríon na bhFlaitheas

Bhí an scéal amuigh gur bhain cuid mhór míorúiltí leighis le híomhánna péinteáilte den Mhaighdean. Dá réir sin, bhí an-tóir go deo ag an bpobal ar leaganacha den íomhá *An Mhaighdean Naofa, Banríon na bhFlaitheas i measc na nAingeal is na bhFáithe* (fíor 19.2), nó *Ognisanti* (na naoimh uile). Cé nach raibh ach 20 bliain idir leagan Giotto den íomhá sin agus leaganacha Duccio di Buoninsegna (fíor 19.3) agus Cimabue (fíor 19.4), chuirfeadh an difear eatarthu iontas ar dhuine. Dála na beirte eile, bhain Giotto leas as na siombailí traidisiúnta, ach is spás réalaíoch atá i leagan Giotto, tá doimhneas agus peirspictíocht ann agus beocht chruithanta sna deilbheacha ann. Cloíonn Giotto leis an traidisiún sa mhéid

## Péintéireacht Freascó

Cineál de mhúrmhaisiú is ea *freascó*. (San Iodáilis, ciallaíonn *fresco* "úr"). Ba é Giotto an chéad phéintéir a bhris leis an nós traidisiúnta péinteála sa chóras *secco*, péinteáil ar phlástar tirim. Chuir sé tús le nós nua, ar a dtugtar *buon fresco*, nuair a chuirtear an péint ar phlástar fliuch. De réir an chórais *secco* leagtar an péint ar dhromchla tirim ach ní mhaireann an íomhá go buan. Ach de réir an chórais *buon fresco*, nó "fíor"fhreascó, cuirtear an péint ar phlástar fliuch, comhtháthaíonn an dath leis an mbunsraith den phlástar fliuch agus cruthaítear íomhá buan. Má bhíonn an plástar rófhliuch, ní ghluaisfidh an scuab thairis i gceart, ach, os a choinne sin, ní fhágann an plástar fliuch ach tréimhse ghearr ag an ealaíontóir chun an obair a chríochnú sula dtriomaíonn sé. Bhí nós traidisiúnta ann mír den phictiúir a chríochnú san aon lá amháin, *giornata* (obair iomlán an lae) a thugtar ar na míreanna sin. Is féidir fianaise na *giornata* a aithint ar go leor freascónna, aithnítear iad as an imlíne shainiúil a bhaineann leo mar aon le difríochtaí beaga sna dathanna.

Bhíodh níos lú plástair ag teastáil don *buon fresco*, mar nach leagtaí an plástar ach ar an gcuid sin den bhalla a bhain le seisiún amháin péinteála. Leagtaí an saothar amach go maith roimh ré, agus ansin dhéantaí cartún in *sinopia* – cailc dhearg. Leagtaí an tsraith de phlástar fliuch, ar a dtugtaí *intonaco*, anuas ar an mír den *sinopia* a bhí le péinteáil. Bhíodh cúntóirí ag cabhrú leis an máistir, iad ag obair faoina stiúir de réir na dearthóireachta a bhí déanta aige. Sa chás gur bhalla mór a bhí ann, d'oibrigh siad ar scafaill, ag tosú ar bharr agus ag obair leo síos an balla.





Fíor 19.2 OGNISANTI MADONNA (MUIRE BANRÍON NA bhFLAITHEAS), Giotto, Dánlann Uffizi, Flórans



Fíor 19.3 MUIRE BANRÍON NA bhFLAITHEAS (MADONNA RUCELLI), Duccio, Dánlann Uffizi, Flórans

is go bhfuil sollúntacht le brath i ndreach na Maighdine, agus gurb ise an phearsa is mó san íomhá, ach léiríonn sé í mar bhean dhaonna agus í nádúrtha ina staidiúir.

### Saol agus Saothair Giotto

Is beag eolas cruinn atá againn faoi shaol agus faoi ghairmréim Giotto, ach is cinnte gur oibrigh sé ar shéipéal San Antaine Padova, mar ar phéinteáil sé radhairc de shaol San Proinsias. Ní fhacthas an stíl nua i dtuaisceart na hIodáile roimhe sin, agus bhí a thuairisc i mbéal gach duine. Níorbh fhada gur fhostaigh ceannaí rachmasach as Padova darbh ainm Enrico Scrovegni é. Bhí Scrovegni ina phátrún ag na Proinsiasaigh agus d'fhostaigh sé Giotto chun séipéal beag a theaghláigh féin a mhaisiú. Léirítear Scrovegni féin sa radharc den Bhreithiúnas Deiridh, é ar a ghlúine os comhair Mhuire, é gléasta in éide corra na haithrí agus mionsamhail den séipéal á thairiscint aige mar chúiteamh as peacaí a athar (fíor 19.5).

### Na radhairc

Ar cheann de na radhairc is cáiliúla sa séipéal tá *An Caoineadh os cionn Chríost* (fíor 19.6). Baineann Giotto úsáid as teicnící mar réamhghiorrú, líníocht shreabhánach ar an éide, agus

solas is scáil chun deilbheacha réalaiócha a chruthú. Tá an brón agus an briseadh croí le sonrú orthu. Meallann gothaí gach deilbhe ár súile chuig figiúr neamhbheo Íosa Chríost, agus chuig Muire. Cromann Muire a ceann isteach chuig a mac marbh agus chruinníonn sí chuici ina baclainn é.

Is radharc teannasach drámatúil é *Póg Iúdáis* (fíor 19.7). Íomhá chumhachtach den iomaíocht idir an mhaith agus an t-olc atá ann. Agus Iúdás ag síneadh amach chun barróg a bhreith ar Íosa, luascann a bhrat mór buí chun tosaigh ina thimpeall agus clúdaíonn sé é. Tá intinn na beirte le brath ina n-aghaidh agus iad ag amharc ar a chéile – dreach amháin suaimhneach maorga agus an dreach eile olc gránna.

Mar chodarsnacht air sin, tugann beirt eile aghaidh ar a chéile in *Ióachaim is Anna ag an nGeata Órga* (fíor 19.8). An uair seo, áfach, is radharc mothaitheach séimh atá ann. Casann tuismitheoirí na Maighdine, Ióachaim agus Anna, ar a chéile, agus insíonn Anne do Ióachaim go bhfuil sí ag súil le leanbh. Tagann an dá luan le chéile timpeall ar a gceann, rud a threisíonn séimhe an radhairc.



FIOR 19.4 MUIRE BANRÍON NA bhFLAITHEAS, Cimabue, Gailearáí Uffizi, Flórans



FIOR 19.5 An taobh istigh de Cappella degli Scrovegni, ag amharc ar AN BREITHIÚNAS DEIRIDH



FIOR 19.6 AN CAOINEADH ÓS CIONN CHRÍOST, Giotto di Bondone, Cappella degli Scrovegni, Padova na hIodáile

### Cappella degli Scrovegni

Bhí cúis ar leith ag Enrico Scrovegni an cúram a ghlacadh air féin tionscadal maisiúcháin a chur i gcrích sa séipéal a bhain le Palás Scrovegni. Baincéir ba ea a athair, ach creideadh ag an am sin gur pheaca a bhí san úsaireacht. Mar chúiteamh as peacaí a athar a chuir sé tús leis an tionscadal.

Chlúdaigh Giotto ballaí an tséipéal bhig le freascónna a léirigh eachtraí as saol Íosa. Bhí an séipeal tiomnaithe do Mhuire na



FIOR 19.7 PÓG IÚDÁIS, Giotto di Bondone, Cappella degli Scrovegni, Padova na hIodáile



Fíor 19.8 IÓACHAIM AGUS ANNA AG AN NGEATA ÓRGA, Giotto di Bondone, Cappella degli Scrovegni, Padova na hIodáile

Sanaise, dá bhrí sin, is eachtraí as saol Mhuire, agus as saol a tuismitheoirí, Ióachaim agus Anna atá sna chéad radhairc sna freascónna. Leagadh béim ar thionchar truaillitheach an airgid sna híomhánna – Íosa ag ruaigeadh lucht malartaithe an airgid as an teampall, nó lúdas, a chroch é féin mar gur ghlac sé airgead ó naimhde Íosa.

### Dath Gorm i bPéinteáil na bhFreascónna

Sa phictiúr den *Teitheadh san Éigipt* (fíor 19.9), tá an dath gorm ar bhrat Mhuire agus ar chuid den spéir ídithe. Bhain Giotto úsáid as asairít seachas as *lapis lazuli*, a bhí níos costasaí, chun an péint ghorm a dhéanamh agus tharla nár mhair sí. Níor

### Lapis Lazuli, nó Cloch Ghorm

Geamchloch ghorm is ea *lapis lazuli* (fíor 19.10) agus bhí sé fíorthábhachtach i saol na healaíne. Ceapadh an t-ainm as *lapis*, an focal Laidine ar 'cloch', agus *lazulum*, focal Laidine eile á tháinig ón Araibis agus a chiallaíonn 'gorm'. San Eoraip, tugadh an t-ainm *ultramairín* ar an dath, focal a chiallaíonn 'anall thar lear chugainn'.

Mheiltí na clocha chun péint a dhéanamh a bhí chomh geal gorm sin go raibh cuma leamh ar dhathanna eile i gcomparáid léi. Ní fhéadtaí teacht ar an gcloch ach amháin i ngarbchríocha na hAfganastáine, agus, siocair sin, bhí costas an-mhór uirthi. Mar gheall air sin, ba ghnách d'ealaíontóirí praghas an datha ghoirm sin a lua leis féin mar chostas breise.



Fíor 19.9 AN TEITHEADH SAN ÉIGIPT, Giotto di Bondone, Cappella degli Scrovegni, Padova na hIodáile

réitigh an asairít leis an aol sa phlástar fliuch, péinteáil sé an dath gorm a secco, i.e. nuair a bhí an plástar tirim.

### Freascónna Santa Croce

Bhí idir rachmas agus tionchar ag muintir Scrovegni, agus, tar éis na hoibre uile a rinne Giotto dóibh siúd, bhí buanéileamh ann ar a chuid seirbhísí ag pátrúin eile neamhchléireacha. Choimisiúnaigh muintir Peruzzi agus Bardi, teaghlaigh rachmasacha baincéireachta de chuid Fhlórans é chun séipéil phríobháideacha a bhí béal dorais lena chéile a mhaisiú. Rinneadh na freascónna a secco áfach, agus rinneadh dochar dóibh i gcaitheamh na mblianta.



Fíor 19.10 Lapis lazuli

## Míreanna Altóra

Chuirtear Míreanna Altóra ar altóirí na séipéal nó uaireanta chuirtear iad ina seasamh taobh thiar den altóir. Pictiúir a léirigh ábhair chráifeacha a bhí iontu agus is minic a bhí an cúl maisithe fosta. Thugtaí diptic ar mhír altóra a raibh dhá phainéal ann agus triptic ar mhír a raibh trí phainéal ann. Dá mbeadh níos mó ná trí phainéal sa mhír, thugtaí polaipitic uirthi. Bhíodh insí idir na painéil ar chuid de na míreanna sa dóigh go bhféadfaí iad a dhúnadh nuair nach raibh siad in úsáid, agus a oscailt arís ar ócáidí speisialta. Tar éis an Reifirméisín, cuireadh tabarnacail bhuna ar na haltóirí sna séipéil Chaitliceacha Rómhánacha leis an Naomhshairimint a choinneáil, agus ghlac siadsan ionad na míreanna altóra.



FÍOR 19.11 Mír altóra Maestà, Duccio di Buoninsegna

## Conclúid

Le linn a shaoil, ghnóthaigh Giotto gradam ard don phéintéireacht i measc na n-ealaíon, rud a chuir casadh suntasach i bhforbairt na healaíne san Eoraip. Laistigh de 10 mbliana i ndiaidh a bháis, áfach, scaip an phlá, nó an Bás Dubh, ar fud na hEorpa. Cuireadh tús le ré nua uamhain agus duaircis agus chreid na daoine gur pionós ó Dhia a bhí sa phlá. D'fhill

na healaíontóirí ar sheanstíl na Biosáinte a bhí in úsáid roimh aimsir Giotto, stíl a bhí righin agus cianda. B'fhéidir go raibh siad ag súil le fearg Dhé a mhaolú. Sciob an Bás Dubh a leath de phobal Fhlórans leis ar shlí na fírinne agus bhí 100 bliain eile ann sular thosaigh péintéirí na cathrach – an péintéir Masaccio go háirithe – ag amharc arís ar léiriúcháin réalaíocha séimhe daonna Giotto agus ag foghlaim uathu arís.

### Ceisteanna

1. Cad is mír altóra ann?
2. Cuir síos ar an dóigh inar phéinteáil Giotto freascónna.
3. Cén fáth a raibh an phéint a dhéantaí as *lapis lazuli* níos fearr ná an phéint a dhéantaí as asairít?
4. Cad is brí leis an téarma "*buon fresco*"?
5. Cén ról a bhí ag an bpátrún maidir le Seipéal Scrovegni?

### Aiste

1. Pléigh na tionchair éagsúla a chuaigh i bhfeidhm ar Cimabue agus a chuir sé ar aghaidh chuig Giotto, a dhalta. Déan miontagairt don nuálaíocht sa phéintéireacht a ghnóthaigh clú do Giotto agus don stíl ar leith a chleacht sé.

### Staidéar ar phictiúr daite

1. Cuir i gcomparáid agus pléigh na leaganacha den *Mhaighdean i measc na nAingeal agus na bhFáithe* a rinne Giotto (fíor 19.2), Duccio (fíor 19.3) agus Cimabue (fíor 19.4). Tagair don stíl, don chumadóireacht, don ábhar a léirítear sna pictiúir agus don ré ina ndearnadh iad.
2. Scrúdaigh AN CAOINEADH ÓS CIONN CHRÍOST (fíor 19.6) le Giotto, agus tabhair cuntas ar an radharc. Tabhair aird ar leith ar na mionghnéithe ealaíne a léiríonn na nuálachtaí agus na teicnící a chleacht Giotto agus cuir síos ar an dóigh a léiríonn sé mothúcháin na ndaoine.
3. Déan comparáid idir PÓG IÚDÁIS (fíor 19.7) agus IÓÁCHAIM AGUS ANNA AG AN nGEATA ÓRGA (fíor 19.8) le Giotto agus cuir síos ar na mothúcháin éagsúla a léiríonn an t-ealaíontóir sa dá radharc.

## CUID II. TÚS NA hATHBHEOCHANA

Bhí Athbheochan an Léinn ar cheann de na mórthréimhsí cruthaitheachta agus intleachta i stair an domhain. Ciallaíonn an focal Fraincise *Renaissance* "athbheochan". Borradh eisceachtúil sa léann agus san ealaín a bhí ann, a scaip ar fud na hEorpa sa 15ú agus 16ú haois. Litríocht, teanga, cultúr agus ealaín chlasaiceach na Gréige agus na Róimhe a spreag í. Cé go samhlaítear an Athbheochan anois leis na hamharcealaíona den chuid is mó, thosaigh sí i bhFlórans mar ghluaiseacht litríochta nuair a thángthas ar sheanlámhscríbhinní Laidine agus Gréigise athuair.

### Léann úr

Tar éis titim na Róimhe, coinníodh lámhscríbhinní na Sean-Ghréagach agus na sean-Rómhánach i dtaisce i leabharlanna mhainistreacha na meánaoiseanna, lámhscríbhinní ar chúrsaí litríochta, chúrsaí staire agus chúrsaí eolaíochta. Nuair a thosaigh lucht léinn na hEorpa á staidéar na céadta bliain ina dhiaidh sin, ba mhór an spreagadh dóibh na tuairimí agus an t-eolas a bhí cruinnithe ag lucht léinn an tsaol ársa. Bhí an Laidin ag lucht léinn na heaglaise, ar ndóigh, agus b'fhurasta saothar na Rómhánach a aistriú dá bhrí sin, ach níorbh fhurasta rúndiamhra na Sean-Ghréige a nochtadh.

### Ag foghlaim na Gréigise

B'fhada filí Fhlórans ag mealladh an phobail i dtreo fhilíocht chlasaiceach na Laidine, ach sna blianta deiridh den 14ú haois, d'áitigh Seansailéar Fhlórans ar scoláire Gréagach, Manuel Chrysoloras, an Ghréigis a mhúineadh sna scoileanna. Thug sé sin léargas iomlán úr ar an machnamh do Chríostaithe na hIodáile, mar go raibh dearcadh an-leathan le fáil ar shaol an duine i bhfealsúnacht na Gréige.

### An Daonnachas

Dar le traidisiún na Críostaíochta, is céim ullmhúcháin é an saol seo d'oidhreacht cheart an duine, an tsíoraíocht a chaitheamh sna Flaithis le Dia. Phléigh an fealsamh Gréagach Platón neamhbhásmháireacht an anama agus bhí ardmheas ar a chuid tuairimí san eaglais. Ach leag sé béim ar bhuanna na hintleachta agus ar chumas eolais agus tuisceana an duine ar an saol seo freisin. I rith na hAthbheochana, tar éis timpeall 500 bliain d'fhealsúnacht na scoileanna a raibh teagasc Arastatail in uachtar iontu, d'fhás suim nua sa Phlatónachas agus sa nuaPhlatónachas agus scaip fealsúnacht úr an **Daonnachais** i measc lucht léinn na hEorpa, idir thuath is chléir. Fealsúnacht a bhí ann a thug aitheantas do bhuanna an duine agus a d'áirigh iad mar chuid dhúchasach de chruthaitheacht Dé.

### An Ársacht agus an Áilleacht

Dar leis an lucht léinn, bhain an cine daonna buaicphointe na hintleachta amach sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh. Dlúthchuid de smaointeoireacht na hAthbheochana nua

ba ea meas ar an áilleacht. Samhlaíodh suáilce dhomhain inmheánach le gach rud ar bhain an áilleacht leis, agus, dá bhrí sin, ba chuid riachtanach den bhealach chun Dé í an áilleacht.

### An Léann Nua á scaipeadh

Scaip na tuairimí agus an léann nua go tapa de bharr nuatheicníocht na clódóireachta. Bhí teacht ag níos mó daoine ar litríocht an daonnachais, chomh maith le haistriúcháin ar shaothar ársa eolaíochta agus réalteolaíochta.

### An chathair

Bhí borradh iontach faoi chathracha na hEorpa fosta agus chuir sé sin le scaipeadh an léinn. Bhí athrú as cuimse tar éis teacht ar cheantair tuaithe na hEorpa faoi lár an 14ú haois, áit a ndearna an phlá dhubh díothadh ar bhreis agus trian den daonra. Bhí meath tar éis teacht ar chumhacht na dtiarnaí talún agus thosaigh ná bailte agus na cathracha ag éirí rachmasach dá réir. Agus nascanna tráchtála agus trádála ag fás ar fud Mhór-roinn na hEorpa tuigeadh an tábhacht a bhain leis an léann. Ba iad Londain, Amstardam, Páras, an Veinéis agus, ar ndóigh, Flórans príomhionaid an rachmais, an oideachais agus an chultúir (fíor 19.12).

### Cathair de réir thoil an duine

Cathair de réir thoil an duine a tugadh mar theideal ar Fhlórans sa 16ú haois – teideal a léirigh tábhacht na cathrach. Lárionad gnóthach rathúil tráchtála a bhí ann agus bhí caighdeán maireachtála ag pobal na cathrach nach raibh i gcathair ar bith eile de chuid na hEorpa. Bhí ardmheas ag saoránaigh na cathrach ar an gcultúr agus ar an intleacht. Idir na hacadaimh, na séipéil, na tithe móra agus na saoránaigh rachmasacha a bhí ann, bhí timpeallacht fhoirfe intleachtúil ann i bhFlórans do lucht léinn an daonnachais chun an fhís a bhí acu de thábhacht agus de dhínit an duine a chur chun cinn.

### Gairm an ealaíontóra

Sna meánaoiseanna agus fiú go luath san Athbheochan féin, ba cheird í an ealaín ar nós gach ceird eile, agus níorbh ann do na téarmaí 'ealaín' ná 'ealaíontóir' dáiríre. Ceardaithe sáraithe ba ea na gaibhne óir, na péintéirí, na saoir cloiche agus adhmaid, ach ní raibh aon tuairim ann gur bhua ar leith a bhí i gcumas na healaíne.

Bhí ar ealaíontóirí printiseacht a dhéanamh chun a rogha ceirde a fhoghlaim. Nuair a chríochnaigh an t-ealaíontóir an phrintiseacht, bhain sé ballraíocht amach sa cheardchuallacht chúil le dearbhú go raibh an oiliúint agus an inniúlacht ann chun slí beatha ghairmiúil san ealaín a leanúint. Bhain dealbhóirí le cuallacht na saor cloiche, bhain na gaibhne óir le cuallacht an tsíoda agus bhunaigh péintéirí cumainn nó comhlachtaí go minic.



FÍOR 19.12 Flórans na hIodáile

### An Phátrúnacht agus an Ealaín

Dhéantaí saothair ealaíne ar bhonn coimisiúin den chuid is mó. Bhí ar na healaíontóirí iad féin a chur chun cinn. Chuige sin, scríobhaidís litreacha chuig pátrúin a raibh suim acu a bheith ag obair dóibh, nó chuiridís isteach ar chomórtais. Shocraítfí ábhar agus téama an tsaothair ealaíne ar bhonn conartha scríofa, agus bhunaítfí an praghas ar chostas an amh-ábhair agus ar chaighdeán saoirseachta an tsaothair féin.

Ba ghnách do na pátrúin aidhmeanna cinnte a leagadh síos iad féin. Bhronnadh na pátrúin míreanna altóra agus saothair eile dá leithéid ar an eaglais, ag súil go bhfaighidís aitheantas ó Dhia agus ó na naoimh sa saol eile dá bharr. Is minic fosta a choimisiúnaigh na rialtóirí saothair ealaíne chun cur le dealramh a gcuid cathracha agus ar mhaithe lena gcáil féin a chur chun cinn mar cheannairí flaithiúla a bhí dílis i mbun a gcúraimí.

Bhíodh údarás iomlán ag na pátrúin ar shaothar an ealaíontóra agus ní cheaptáí riamh ag an am sin go bhféadfadh tábhacht ar leith a bheith ag baint le tuairimí an ealaíontóra féin.

### An tEalaíontóir ina dhuine ardéirime

Faoi lár an 15ú haois, bhí na sean-nósanna ag athrú agus tháinig tuiscint nua chun cinn ar choincheap na healaíne. Tugadh an t-aitheantas céanna don phéintéireacht, don dealbhóireacht agus don ailtireacht agus a tugadh cheana do shaorealaíona na filíochta agus an cheoil. Tháinig athrú mór ar choinníollacha sóisialta agus ar oiliúint ealaíontóirí Fhlórans, de réir mar a mhéadaigh an meas ar a n-intleacht agus ar a gcuid tuairimí. Aithníodh gur dhaoine ardéirime ba ea iad Leonardo da Vinci agus Michelangelo. Bhí idir phrionsaí agus phátrúin rachmasacha eile ar bís chun iad a fhostú mar gur chomhartha mór stádais dóibh é sárealaíontóir den scoth a bheith sásta obair dóibh.